# Ceardlann 3: Acmhainní Nádúrtha

**Acmhainní atá de dhíth:**

- cur i láthair 3 (ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh TFS)
- físeáin:

'Trash Me with Rob Greenfield' by Rob Greenfield – ar fáil ar YouTube
https://www.youtube.com/watch?v=KH2Otkp_EhY
'5 Tips to Go Near Zero Waste' by Rob Greenfield – ar fáil ar Youtube
https://www.youtube.com/watch?v=wkETEa7ze2M *

*Buíochas le Rob Greenfield as an chaoinchead chun na físeáin seo a roinnt.
Féach thíos do na nascanna don obair Rob Greenfield:
https://youtube.com/robgreenfield
www.instagram.com/robjgreenfield

- marla
- ráitis 'fíor nó bréagach' - íoslódáil 'Plean Ceachta agus Acmhainní' ceardlann a trí ón tsuíomh TFS

**Intreoir**
An cuimhin libh cad a rinne muid an tseachtain seo caite? Bochtaineacht agus fíor-bhochtaineacht? Cad é an difear eatarthu? Cad iad na ceithre riachtanais bhunúsacha?

**Fíor nó Bréagach**
(Tá na ráitis fíor nó bréagach de dhíth ort.) Má shíleann tú go bhfuil an ráiteas fíor, seas suas, má tá sé bréagach, suigh síos.

**Liosta de na rudaí a cheannaíonn muid agus a chaitheann muid amach**
Tá mé chun liosta a scríobh do na rudaí a cheannaíonn muid agus a chaitheann muid amach. An bhfuil smaointe ag duine ar bith? Mar shampla, cad atá caite agat sa bhosca bruscair inniu? B'fheidir i ndiaidh an bhricfeasta? (Cuir tús leis le comhrá fán bhricfeasta agus an scoil agus na rudaí nach gcaitheann muid amach go ró-mhinic: guthán, ríomhairí, carranna srl. Scríobh na rudaí a deir siad ar an chlár.) Mar a fheiceann sibh, caitheann muid chóir a bheith achan rud a cheannaíonn muid amach.

**Físeán: 'Trash Me with Rob Greenfield'**
Anois, amharcfaidh muid ar an fhíseán. Níl ach ceist amháin ag an deireadh – cad chuige a ndearna Rob an turgnamh sin? (Cuir an físeán ag dul.) Cén ciall atá le "as radharc, as intinn"? I ndiaidh duit an bruscar a chaitheamh uait an mbíonn tú ag smaointiú faoi?

**Cá as a dtagann na hábhair?**
Lámha suas má tá a fhios agat cá as a dtagann na hábhair seo. Cad as a dhéantar iad? (Gabh fríd an liosta: páipéar, éadaí, gloine, plaisteach, cannaí.)
Éadaí- an bhfuil a fhios agat cá as a dtagann cadás? Plandaí
Cannaí - cad as a dhéantar? Alúmanam. Cén dóigh a fhaigheann muid é? Mianadóireacht. S'e an ciall atá le mianadóireacht ná go mbíonn muid ag tochailt sa talamh ar lorg rudaí luachmhara nó úsáideacha. Faigheann muid alúmanam i gcarraig darbh ainm bauxite.
Cá as a dtagann na hacmhainní seo uilig? An bhfuil siad déanta i monarchan? Níl, is rudaí nadúrtha iad.

# Ceardlann 3: Acmhainní Nádúrtha

An bhfuil a fhios agat cá mhéad bliain a mbeadh de dhíth leis na rudaí seo a dhéanamh? Tá deich miliúin bliain de dhíth le hola a dhéanamh. Leis sin a chur i gcomhthéacs, is páiste é an crann darach nuair atá 50 bliain aige, agus tá sé lánfhásta ag 700!

**Marla**
(Déan an rang a roinnt.) Gheobhaidh gach grúpa marla. Is ionann an dath atá air agus ábhar atá ar an tábla. Mar shampla, má tá dath corcra ar do mharla, is é adhmad an t-ábhar atá agat. Bain úsáid as an marla le rud a dhéanamh as an ábhar. Lámha in airde gach duine ar mhaith leo an rud a thaispeáint don rang. (Taispeáin rud as gach grúpa don rang.)

**Leideanna chun méid an bhruscair a ísliú**
An cuimhin leat san fhíseán go raibh Rob ag caitheamh gach píosa bruscair? Cad iad na dóigheanna a dtig linn méid an bhruscair a ísliú?

Anois, amharcfaidh muid ar fhíseán: '5 Tips to Go Near Zero Waste'.
Cad é an comhairle a thug Rob san fhíseán? An síleann tú go bhfuil sí deacair le déanamh?

**Tráth na gCeist**
Déan é seo a phlé. Cad é atá ina rogha is fearr leis an bhruscair a laghdú?

**Aischothú agus achoimre**
Do bharúil an bhfuil sé go maith don timpeallacht má cheannaíonn muid cuid mhaith rudaí? An dtig linn an méid atá againn a laghdú? Cén dóigh? Cén sórt rud a dtig leat a fháil sa siopa áthláimhe? Bréagáin, DVD srl.

**Fairtrade / An Chóirthrádáil**
An bhfuil a fhios agat cén ciall atá leis an chomhartha seo? Má tá tú sa tsiopa roimh an chéad cuairt eile, déan iarracht é a fháil. Cuirfidh muid ceist ort an chéad lá eile. Go raibh maith agaibh!

# Fíor nó Bréagach

1 Déantar plaisteach ó ghaineamh.
B

2 Gan daoine, ní bheadh líonadh talún ann.
F

3 Ba chóir dúinn níos lú a cheannach agus níos mó tairbhe a bhaint as a bhfuil againn cheana féin.
F

4 Cuireann muintir an Ríocht Aontaithe cúig mhilliún píosa éadaí chun líonadh talún gach bliain.
B – thart fá tri mhilliún déag[1]

5 Ní chuidíonn ceannach rudaí dara láimhe le méid an bhruscair a ísliú.
B

6 Ina shaol, thig le mála in-athúsáidte amháin cosc a chur ar úsáid sé gcéad málaí plaisteacha.[2]
F

7 Ní dhéanann dramhaíl phlaisteach damáiste ar bith.[3]
B
Síleann turtair gur smugairle róin iad na málaí agus itheann siad iad.
Sáinntear ainmhithe in eangaí iascaireachta.
Tachtar éin ar na fáinní phlaisteacha a thagann ó channaí deochanna.
Síleann éin gur bia atá i caipéiní bhuidéil nó píosaí phlaisteacha eile agus itheann siad é.

8 Is fearr laghdú ná athchúrsáil.
F
Tá an dá rud tábhachtach ach maidir leis an athchúrsáil baintear úsáid as fuinneamh agus bíonn truailliú ag baint leis. Nuair a bhíonn muid ag laghdú, ní bhaineann muid úsáid as acmhainní an phláinéid ar an chéad dul síos.

1 https://www.oxfam.org.uk/oxfam-in-action/oxfam-blog/never-taken-part-in-second-hand-september/

2 https://kids.nationalgeographic.com/celebrations/article/earth-day

3 https://www.natgeokids.com/uk/kids-club/cool-kids/general-kids-club/plastic-pollution/